

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 27

LEIBHÉIL THORANN: DO GHLÓR A CHOINNEÁIL FAOI SMACHT

Glór an duine fásta

Is féidir linn mar dhuine fásta cur leis an suaimhneas sa rang nó go deimhin cur leis an gclampar agus déanaimid é sin lenár nglór féin. Nuair is féidir, is fearr béicíl a sheachaint, ar mhaithe le suaimhneas a bheith sa rang agus lenár sláinte féin. Is fearr é a sheachaint go háirithe nuair a bhímid ag iarraidh iompar míchuí a láimhseáil de bhri gur féidir linn an scéal a dhéanamh níos measa tráth a bhfuil an dalta trína chéile nó cantalach cheana féin.


Seo rudaí a bhféadfaimis smaoineamh orthu maidir lenár nglór:

- Cad é airde agus luas mo ghlóir?
- An bhfuil stíl labhartha éagsúil agam do mhodhanna éagsúla múinteoireachta / d'ábhair éagsúla: cén sórt glóir a bhíonn agam ag múineadh an ranga go léir / ag seiceáil obair ghrúpa / duine ar dhuine?
- Cén sórt glóir a bhíonn agam ag tús / lár agus ag deireadh an cheachta? An dtagann méadú / laghdú ar an luas nó ar an airde?

Glór an dalta

Seo ceann de na rudaí is mó a chuireann ar seachrán muid - seans nach é an scairt ard ó am go chéile ach an méid cainte leanúnaí a bhíonn ar bun agus a d'fhéadfadh a léiriú nach bhfuil na daltaí ag éisteacht. Caithfimid socrú cad é an leibhéal compoird atá againn féin le glór na ndaltaí sa seomra ranga. Ar ndóigh braithfidh sé sin ar aois na ndaltaí agus ar líon na ndaltaí sa seomra ranga. Is dócha gur fearr a mhíniú do dhaltaí nach féidir ach le duine amháin labhairt ag an am i bplé don rang uile nó le linn am teagaisc, agus is dócha gur fearr bealach a fhorbairt ionas go bhfiafróidh daltaí cead sula labhróidh siad. Má tá an rang ag obair i ngrúpaí nó má tá siad ag obair ar thasc áit a gcaithfidh siad oibriú le chéile nó rudaí a sheiceáil le chéile, ansin is féidir 'glórtha comhoibríthe' a úsáid sa chás sin. Seans go mbeidh orainn aithris a dhéanamh air seo nó é a thaispeáint go bhfeicimid conas a oibreoidh sé sa rang.

Chun daltaí a chur ar an eolas faoin gcineál glóir atá oiriúnach le haghaidh gníomhaíochta áirithe is féidir úsáid a bhaint as Méadar Fuaimleibhéil. Seans go n-oibreoidh sé rud éigin mar seo:



Féach freisin: <http://www.classsource.com/teacheraids/> (Méadar Fuaimleibhéil i bhfoirm soilse tráchta Yacker Tracker)
<http://www.multiage-education.com/multiagen-b/noisemeter.html>